

Dáta	Leibhéal ranga Rang a Cúig agus Rang a Sé	Ábhar Corpoideachas
Snáithe Cluichí	Snáithaonad Seoladh, Glacadh agus Taisteal. Cluichí a Cheapadh agus a Imirt	
Teideal Cluiche Peile na bPortáin.		
Cuspóir(i) Is é aidhm an phlean ceachta ná go ndéanfaidh na leanaí cluichí a cheapadh agus a fhorbairt le comhpháirtí nó i ngrúpa beag, agus ainmhithe na mara á n-úsáid mar fhoinsé spreagtha.		
<p>Cuspóirí foghlama</p> <p>Cuirfear ar chumas an linbh:</p> <p>Páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí taitneamhacha réamhaclaíochta agus iaraclaíochta.</p> <p>Tuiscint a fhorbairt ar luailí portáin trí chluiche liathróide.</p> <p>Scileanna ciceála a fhorbairt.</p> <p>Bealaí chun an cluiche a oiriúnú a phlé.</p>	<p>Gníomhaíochtaí foghlama</p> <p>Cur Chuige faoi Threoir: Ag tús an ranga, déan plé ar shábháilteacht le linn ceacht corpoideachais. Tosaigh le gníomhaíocht réamhaclaíochta. Seo a leanas gníomhaíocht réamhaclaíochta den scoth a mhéadóidh an fheasacht atá ag na leanaí ar théamh domhanda. Leag fonsaí i bhfiarláin ar fud an spáis chorpoideachais (i spás faoi dhíon, más féidir é). Is ionann na fonsaí agus cnoic oighir. Is gá do leanaí preabadh ó chnoc oighir go cnoc oighir, agus iad ag cinntiú ag an am céanna nach dtitfidh siad isteach san uisce fuar. Leáfaidh na cnoic oighir de réir mar a leanann an cluiche ar aghaidh. Má thiteann leanaí isteach san uisce, cuirfear iad as an gcluiche. Beidh an buaitoir ar an duine deireanach a bheidh ina s(h)easamh ar chnoc oighir.</p> <p>Cur chuige faoi threoir: Iarr ar an rang boilgeog spáis a chruthú, áit a mbeidh siad in ann bogadh le saoirse agus nach gcuirfidh siad isteach ar aon leanbh eile. Iarr ar na leanaí a lámha agus a gcosa a chur ar an talamh. Is gá dóibh bogadh mar a bheadh portáin</p>	

	<p>iontu.</p> <p>A luaithe a bheidh gach duine de na leanaí ar a gcompord, beidh sé in am don chluiche a thosú.</p> <p>Roinn an rang ina dhá fhoireann. Ainmnigh cúl báire do gach foireann. Cuir cúl báire i mbéal cúil réamhdhéanta ag an dá thaobh den spás imeartha.</p> <p>Is gá do na ‘portáin’ ar an dá fhoireann iarracht a dhéanamh cúil a scóráil agus iad ag rith thart mar a bheadh ‘portáin’ iontu. Ní féidir leo ach a gcosa a úsáid. Is fearr liathróid mhór inséidte a úsáid don cheacht seo. Ar mhaithe leis an ngreann, is féidir liathróidí breise a chaitheamh isteach de réir mar a leanann an cluiche ar aghaidh.</p> <p>Is iad a bheidh sna buaiteoirí ná an fhoireann a scóráil an líon is mó cúl san am socraithe. Déanfaidh na leanaí plé ar bhealaí chun an cluiche a dhéanamh níos dúshlánaí.</p> <p>Gníomhaíocht Iaraclaíochta: Glacfaidh na leanaí páirt i síntí lánchoirp a bheidh bunaithe ar ainmhithe na mara. Iarr orthu síneadh chomh fada le heascann. Iarr orthu síneadh chomh mór le liamhán gréine. Iarr orthu iad féin a dhéanamh chomh beag le planctón.</p> <hr/> <p>Acmhainní</p> <p>Fonsaí</p> <p>Liathróidí inséidte</p> <p>Spás mór faoi dhíon (más féidir é).</p>
Difreáil	

Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.

Measúnú

Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir.

Nascadh agus Comhtháthú

Matamaitic - Sonraí: Breac an gaol idir líon na gcúl a scóráladh agus líon na liathróidí a bhí ar an bpáirc. Má tá dhá liathróid ar an bpáirc le linn an chluiche, an bhfuil sé a dhá oiread níos dóchúla go scórálfaidh na daltaí cúl? Má tá trí liathróid ar an bpáirc le linn an chluiche, an bhfuil sé a thrí oiread níos dóchúla go scórálfaidh na daltaí cúl? etc. Iarr ar na daltaí na torthaí a thuar sula mbreacfaidh siad na sonraí.

Béarla: Scríobh scéal samhlaíoch faoi dhá fhoireann ainmhithe mara atá ag imirt peile faoin bhfarraige.